Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 26

# Oideachas agus Scileanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 26, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, do sheirbhísí áirithe atá a riar ag an Oifig, agus chun deontais áirithe a íoc.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair don chaiteachas don bhliain.

Tá farasbarr de €24.54 milliún dlite le tabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den chuntas an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6.

***Struchtúr cuntais leithreasa***

Tugtar cuntas ar an gcaiteachas ar sheirbhísí oideachais i 2017 faoi Vóta 26 i gceithre phríomh-mhírcheann cláir agus clúdaíonn sé idir chaiteachas reatha agus chaiteachas caipitil. Thairis sin, sonraítear costais riaracháin faoi mhírchinn ar leith chomh maith le hiad a chionroinnt idir ceithre mhírcheann an chaiteachais, i gcomhréir leis an gcur chuige um buiséadú feidhmíochta a tugadh isteach i gcomhair na ranna rialtais go léir. Is mar seo a leanas atá na ceithre chlár:

- Clár A – a fhónann don oideachas chéad leibhéil, don oideachas dara leibhéal agus don oideachas luathbhlianta
- Clár B – a fhónann don fhorbairt scileanna
- Clár C – a fhónann don ardoideachas
- Clár D – a fhónann do sheirbhísí caipitil.

Déantar leithreasaí i gcabhair, a thugtar chun cuntais sna fo-mhírchinn E.1 go E.5, a fhritháireamh in aghaidh ollchaiteachas na Roinne.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Agus an cuntas á ullmhú, cuireadh i bhfeidhm na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a dhéanamh, mar atá siad leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) i gCiorclán 25 2017.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gcuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais (SIFC) atá i bhfeidhm sa Roinn Oideachais agus Scileanna.

***Freagracht as Córas an Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais***

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcuirtear i bhfeidhm sa Roinn é.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Lena chois sin, ní fhéadann córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, na bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea é córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus coimeádtar an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an Chomhaontaithe um Bainistiú Seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna (AD) agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe cuí a fheidhmiú maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar sa Roinn seo.

Seo a leanas an seasamh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, creat na nósanna imeachta riaracháin, an tuairisciú bainistíochta agus an t-iniúchadh inmheánach:

***An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm sa timpeallacht rialaithe

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht sannta as bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun cliseanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar beart cuí ceartúcháin
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm faoin tslí le mo chuid freagrachtaí as an gcóras inmheánach um rialú airgeadais a chomhlíonadh
- tá doiciméadú déanta ar na príomhphróisis ghnó ar fad
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin ann agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus deimhním na nithe seo a leanas, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag na hardbhainisteoirí
- déanann na hardbhainisteoirí athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn
- tá córais ann a fhéachann le slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochtaí caipitil agus disciplín fhoirmiúil um bainistíocht tionscadail
- déanann an Roinn cinnte de go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas agus ceannach ar bun agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha.

***Soláthar Poiblí***

Déanann an Roinn cinnte de go bhfuil an fócas cuí ar dhea-chleachtas agus ceannach ar bun agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha. Comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha i dtaca leis an soláthar, seachas i gcás soláthair ar luach iomlán €1.76 milliún.

Is ar roinnt cúiseanna a tharla na heisceachtaí agus tá siad leagtha amach thíos:

- Glacadh le trí chonradh ar luach idir €25,00 go €60,000, sin €122,528 san iomlán, gan próiseas iomaíoch a bheith ann - glacadh le dhá cheann ar luach €71,897 san iomlán ar an ábhar nach raibh teacht ach ar aon soláthraí amháin/nó go raibh líon na soláthraithe teoranta agus glacadh le ceann eile ar luach €50,631 ar an ábhar go raibh práinn leis/go raibh leanúnachas an ghnó ag brath air.
- Glacadh le ceithre chonradh ar luach idir €100,000 go €200,000 sa bhliain, sin €555,899 san iomlán, gan próiseas iomaíoch a bheith ann - glacadh le trí cinn ar luach €412,772 san iomlán ar an ábhar nach raibh teacht ach ar aon soláthraí amháin/nó go raibh líon na soláthraithe teoranta agus glacadh le ceann eile ar luach €143,127 ar an ábhar go raibh práinn leis/go raibh leanúnachas an ghnó ag brath air.
- Glacadh le dhá chonradh ar luach breis agus €500,000 sa bhliain, sin €1,085,660 san iomlán, gan próiseas iomaíoch a bheith ann. Bhain ceann amháin a raibh luach iomlán €520,024 air le leanúnachas an ghnó agus bhain an ceann eile a raibh luach €565,636 air le práinn/seiftiúlacht.

Chomh maith leis sin i 2017, glacadh le 22 sheirbhís agus cheannach bhreise a raibh luach iomlán €74,816 ar a gconradh, sin nó cuireadh síneadh le conarthaí, gan dul in iontaoibh an phróisis chuí soláthair. Is do sholáthraí aonair a tugadh ceithre cinn de na conarthaí seo agus bhí luach iomlán €24,071 orthu. Cuireadh síneadh gan athbhreithniú le téarma an chonartha i gcás 17 gconradh eile le haghaidh teileafónaíocht líne fhosaithe agus bhí luach €43,537 orthu. Bronnadh conradh aonuaire ar luach €7,208 ar sholáthraí chun faisnéis a mhapáil idir bunachair shonraí.

Cuireadh sonraí na gcásanna ar luach is airde ná €25,000 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 40/2002.

Tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh ar gach cás agus tá bearta á ndéanamh nuair is féidir. Lena chois sin, tá an Roinn réamhghníomhach sa chlár um leasú soláthair agus tá sí ag tapú na deise chun conarthaí agus creata lárnacha a úsáid nuair is cuí.

***Iniúchadh Inmheánach, Iniúchadh ar Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Coiste***

Dearbhaím go bhfuil feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus pearsana a bhfuil an oiliúint chuí orthu ag obair ann agus iad ag feidhmiú de réir na Cairte Scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh bonn eolais faoin obair seo, agus is ar an anailís seo a bhíonn na beartais iniúchóireachta inmheánaí, a fhaomhaim féin, bunaithe. Is é is cuspóir do na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go ndéanfar bearta bunaithe ar thuairiscí an fheidhmeannais iniúchóireachta inmheánaí.

Déantar cláir bhliantúla iniúchóireachta a ullmhú faoi choimirce Choiste Iniúchóireachta na Roinne agus tugann an Roinn Iniúchóireachta inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa (a chinntíonn go gcomhlíontar riachtanais rialála an Aontais Eorpaigh i dtaca le bainistíocht, rialú agus iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmeannais dá shórt in Éirinn) araon tuairiscí don Choiste ar iompar na gclár seo agus ar chríochnú na dtuairiscí iniúchóireachta.

I rith 2017, rinneadh cónascadh idir an Roinn Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa agus tugadh an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus AE air agus rinne sé seo deich dtuarascáil iniúchóireachta san iomlán. Déantar an dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na moltaí sin a eascraíonn ó na tuarascálacha iniúchóireachta a rianú ar bhonn ráithe. Ag deireadh na bliana, bhí gach moladh ó thuairisc iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa curtha i bhfeidhm ina n-iomláine.

Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta agus an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus AE faoi réir cairteacha scríofa difriúla.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Aithníonn agus tuairiscíonn córas bainistíochta riosca na Roinne na príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta a dhéantar chun dul i ngleic leo, agus chomh fada agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú. Tá clár rioscaí ann a shonraíonn na príomhrioscaí a bhíonn ag na Roinn agus tá siad seo sonraithe, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Tugann an clár sonraí maidir leis na rialaithe agus na bearta a bhíonn ag teastáil le rioscaí a mhaolú agus úsáidtear an clár, in éineacht le próisis eile amhail pleanáil fórsa oibre, leanúnachas gnó etc., chun na hacmhainní cuí a dháileadh chun a chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú nó a mhaolú.

Leagann na socruithe inmheánacha amach go mbíonn clár rioscaí na Roinne ina mhír sheasta ar chláir na gcruinnithe Roinne agus bíonn na Rúnaithe Cúnta ina gcathaoirligh orthu. Bunaíodh an Coiste Rioscaí i 2016 agus is fochoiste de chuid an Bhoird Bhainistíochta é. Is é an ról atá aige comhairle a chur ar an mBord Bainistíochta maidir le straitéisí bainistíochta riosca agus le creat feiliúnach beartas, nósanna imeachta agus córas a fhorbairt chun tacú le bainistiú rioscaí sa Roinn. Cabhraíonn an Coiste Riosca leis an mBord Bainistíochta chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le bainistiú riosca agus é ag déanamh maoirseachta ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm bheartas bainistíochta riosca na Roinne agus an ráitis inghlacthachta riosca.

I rith 2017, rinne Coiste Riosca na Roinne maoirseacht ar fhorbairt beartais bainistíochta riosca agus ráitis inghlacthachta riosca, rud ar thug an Bord Bainistíochta faomhadh dó. Tá dul chun cinn breise déanta ar obair chun doiciméad a fhorbairt ar Mheasúnú Straitéiseach Riosca a aithneoidh na príomhrioscaí straitéiseacha ar an leibhéal corparáideach, rioscaí arbh fhéidir leo tionchar suntasach a imirt ar chumas na Roinne a chlár i oibre, mar atá leagtha amach ina Ráiteas Straitéise agus Plean Gnímh 2016-2019, a chur i bhfeidhm. Agus na rioscaí straitéiseacha ardleibhéil aitheanta, tabharfaidh seo bonn eolais d'aonaid ghnó chun rioscaí a chatagóiriú go cuí chun a chinntiú go mbeifear níos comhsheasmhaí maidir le measúnú riosca ar fud na Roinne.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur iúl do na daoine sin a bhfuil an fhreagracht orthu bearta ceartaitheacha a dhéanamh; cuirtear seo i iúl do na bainisteoirí freisin, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe bainteacha sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na príomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a bainistíochta riosca agus na nósanna imeachta rialaithe atá aici. Maidir le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus obair na mbainisteoirí sinsearacha laistigh den Roinn a bhfuil sé d’fhreagracht orthu an creat rialaithe inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, cuireann siad bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht a córais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna a bhaineann le Rialú Inmheánach Airgeadais***

Níor aithníodh aon laige ar an rialú inmheánach airgeadais i 2017 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Rialachas Corparáideach Earnáil an Oideachais***

I 2017, lean an Roinn de bheith ag dul chun cinn le hobair chun a cur chuige a neartú maidir le maoirseacht a dhéanamh ar rialachas agus ar shocruithe cuntasachta ar fud earnáil an oideachais. Is fo-choiste Boird Bainistíochta ar Rialachas agus Cuntasacht na hEarnála atá i gceannas ar an obair seo agus tá mise, mar Ard-Rúnaí, i mo chathaoirleach; déanaimid an clár oibre a aontú maidir le ról maoirseachta na Roinne a fheabhsú i dtaca le forais agus earnáil an oideachais ina hiomláine. Tugann líonra Rialachas agus Cuntasacht na hEarnála, a fheidhmíonn ar leibhéal an Phríomhoifigigh, tacaíocht don Bhord Bainistíochta. Le héifeacht ó Ráithe 4, 2017, bunaíodh foghrúpa Leas-Phríomhoifigigh ar an gComhlíonacht Rialachais chun an fhorbairt agus an fhoghlaim maidir leis an rialachas ar fud réimsí éagsúla earnáil an oideachais a roinnt agus chun níos mó eolais a thabhairt d'obair an fo-choiste Bhoird Bainistíochta.

***Athbhreithnithe ar Chomhlíontacht maidir le Rialachas Corpráideach***

Agus tús curtha, i Nollaig 2015, le próiseas athbhreithnithe píolótach ar an gcomhlíontacht maidir le rialachas corparáideach, chuir an Roinn, in Iúil 2017, tuairiscí faoi bhráid aon fhorais déag inraoin atá faoina coimirce. Tá obair ar bun i 2018 chun clár dírithe eile maidir le hathbhreithnithe ar an gcomhlíontacht a chur i bhfeidhm go céimneach i measc na bhforas atá faoina coimirce.

***Cód Cleachtais 2016 chun Forais Stáit a Rialú agus Clár Maolaithe***

Foilsíodh an Cód Cleachtais leasaithe chun Forais Stáit a Rialú i 2016 agus bhí an Roinn ag obair le forais atá faoina coimirce chun a chinntiú gur féidir leis an Roinn agus lena cuid gníomhaireachtaí na coinníollacha maoirseachta breise, mar atá siad leagtha amach i gCód 2016, a shásamh, nuair is cuí. Thairis sin, tá comhaontú agus doiciméadú déanta i ndáil le maolú iomlán nó maolú atá teoranta ó thaobh ama de chun riachtanais an chóid a shásamh maidir le 'comhlíon nó tabhair míniú'. Laistigh den earnáil is leithne oideachais, tá an obair ag dul ar aghaidh, i rith 2017 agus chun an dáta seo i 2018, ar chóid cleachtais na earnála chun go mbeidh siad ag teacht le creata rialála na nollscoileanna, na ninstitiúidí teicneolaíochta agus na mbord oideachais agus oiliúna (BOO). Tá an obair críochnaithe anois i dtaca le cód na ninstitiúidí teicneolaíochta agus táthar ag dúil leis go mbeidh cód na nollscoileanna críochnaithe gan mhoill agus go mbeidh cód na mbord oideachais agus oiliúna críochnaithe faoi dheireadh Ráithe 4, 2018.

***Comhaontuithe Comhlánaithe Feidhmíochta***

Ag éirí as téarmaí méadaithe an Chóid Cleachtais chun Forais Stáit a Rialú, 2016, rud a thug ar an Roinn comhaontuithe comhlánaithe feidhmíochta a chur in áit na gComhaontuithe Seirbhíse/na Meabhrán Tuisceana a bhí ann roimhe seo, chuir an Roinn méid suntasach acmhainní foirne ag obair in éineacht le forais atá faoina coimirce faoi seach chun dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt na gcomhaontuithe comhlánaithe feidhmíochta/na gcomhaontuithe maoirseachta Leanann an Roinn de bheith ag obair lena cuid foras agus gníomhaireachta chun dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt na socruithe tuairiscithe chun a rialú agus a bhfeidhmíocht a bhainistiú. Cuimsíonn an obair seo cur chuige a dhíríonn ar aschuir agus ar thorthaí agus áiríonn sé táscairí fónta feidhmíochta chun a chinntiú go mbainfear úsáid as acmhainní ar bhealach éifeachtúil agus cost-éifeachtúil chun seirbhísí den scoth a sholáthar don phobal.

***Oiliúint do Bhaill Foirne a Bhíonn ag plé le Rialachas agus le Maoirseacht ar Chuntasacht***

Faoi réir an ollstruchtúir úir atá á fhorbairt agus atá ag teacht i bhfeidhm maidir le forais atá faoi shainchúram na Roinne, fuair an Roinn agus chuir siad amach clár oiliúna chun scileanna na mball foirne a fhorbairt maidir le rialachas corparáideach. Chun an dáta seo, i Ráithe 2 2018, tá oiliúint curtha ar fáil ag an Roinn i dtaca le forléargas ar an rialachas corparáideach, oiliúint i dtaca le tuiscint ar fháil na coinníollacha atá i gCód Cleachtas na Roinne Caiteachais Phoiblí chun Forais Stáit a Rialú, 2016, treoir i dtaca le comhaontuithe comhlánaithe feidhmíochta a fhorbairt agus oiliúint i dtaca le ráitis airgeadais a léamh. Táthar, san am i láthair, ag fáil cúrsaí eile ar an rialachas chun scileanna bhaill foirne na Roinne a fheabhsú maidir le comhaontuithe comhlánaithe seirbhíse a fhorbairt agus ráitis airgeadais a léamh agus déanfar iad seo a fheidhmiú go céimneach faoi dheireadh Ráithe 2 2018. Reáchtáil an Roinn, i gcomhpháirt leis na Coimisinéirí Ioncaim, seimineár chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint daoine ar cheisteanna a bhaineann le comhlíonadh cánach in earnáil an oideachais.

Cuireann Creat Rialachais na Roinne Oideachais agus Scileanna an Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís i bhfeidhm. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Chreat Rialachais na Roinne i mBealtaine 2017 agus i mBealtaine 2018 chun léiriú a thabhairt na forbairtí atá déanta maidir leis an rialachas corparáideach ó foilsíodh den chéad uair i mBealtaine 2016 í. Déantar athbhreithniú leanúnach air.

Tá an Roinn ina ball fós den Fhóram Rialachais do Státseirbhísí agus do Sheirbhísigh Phoiblí, an fóram a bhíonn á reáchtáil ag an Foras Riaracháin; cuireann seo an dea-rialú le leas an phobail chun cinn agus cabhraíonn sé leis Roinn comhairle, eolas agus tacaíocht thráthúil a thabhairt chun an dea-rialú a fheabhsú.

***Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí***

I 2017, d'fhoilsigh an Roinn an Plean Seirbhísí Comhroinnte 2017-2020 agus an Plean Gníomhaíochta don Oideachas, rudaí a rinne forbairt bhreise ar na tionscnaimh ar cuireadh tús leo faoi shainorduithe 2011 agus 2014. Molann an Plean Seirbhísí Comhroinnte go mbeidh an Roinn rannpháirteach maidir leis na seirbhísí comhroinnte traidisiúnta a fheidhmiú go céimneach don Státseirbhís agus geallann sé go ndéanfar fiosrúchán ar gach deis maidir le tionscnaimh seirbhísí roinnte ar fud earnáil an oideachais agus na hoiliúna. Is iad na príomhthionscadail a ndearnadh dul chun cinn orthu i 2017 ná:

- Seirbhísí Comhroinnte Párolla d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO). I rith 2017, rinneadh dul chun cinn ar an tionscadal agus an t-iarratas tairisceana foilsithe chun córas párolla a chur ar fáil mar sheirbhís bhainistithe.
- Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO). Forbraíodh, i 2017, cur chuige soláthair agus straitéisí lena chur i bhfeidhm agus forbraíodh an dearadh mionsonraithe, na riachtanais feidhme agus na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh réiteach comhtháite airgeadais.
- Seirbhísí Comhroinnte AD / Párolla don earnáil ardoideachais. I 2017 cuireadh an chéad chéim cobhsaithe ar an gcóras i gcrích agus ceapadh foireann tionscadail tiomnaithe i gCeathrú 4, 2017.
- Ceapadh foireann tionscadail do Thaifeadtaí Sonraí na bhFostaithe Scoile agus Seirbhís Párolla chomhroinnte agus cuireadh tús leis an obair chun an cás gnó a chruthú don réiteach is fearr.
- Leanadh, i 2016 agus 2017, de bheith ag forbairt tionscnaimh sholáthair chun tacaíocht a thabhairt d'obair na hOifige um Sholáthar Rialtais Sa Phlean Seirbhísí Comhroinnte 2017 - 2020, tá ceangaltas tugtha ag an Roinn a fháil amach conas is féidir tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na tionscnaimh seo chun aon seirbhís soláthair amháin a chur ar fáil d'earnáil an oideachais.

***Boird Oideachais agus Oiliúna a Leasú/SOLAS***

Leanadh d'atheagrú na mBord Oideachais agus Oiliúna i rith 2017 agus baineadh amach roinnt príomhaidhmeanna lena n-áirítear tús le feidhmiú na chéad chéime eile de struchtúr nua eagraíochta do na Boird Oideachais agus Oiliúna, ceangal líonra rialtais a chur ar fáil do gach ceannoifig agus ionad oiliúna de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna agus Lárionad Feabhais um Sheirbhísí Comhroinnte a chur ar bun chun seirbhísí dlí a chur ar fáil d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais bhliantúla SOLAS agus na mBord Oideachais agus Oiliúna.

***Bainistíocht Sonraí***

I rith 2017, rinne an Roinn dul chun cinn suntasach ar roinnt beart tábhachtach atá leagtha amach ina straitéis sonraí, rud a dhíríonn ar shonraí a úsáid ar an mbealach is éifeachtúla chun tacaíocht agus eolas a thabhairt chun beartas oideachais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, go háirithe le dul i ngleic, ar bhealach oscailte freagrach, le riachtanais na bhfoghlaimeoirí, na sochaí agus an gheilleagair a bhfuil athruithe ag teacht orthu agus chun dúshláin a bheidh ann amach anseo a thuar agus acmhainní a dhíriú go cruinn, agus, de thoradh air sin, torthaí is fearr oideachais a bhaint amach.

Is iad ceithre mhórchuspóir na straitéise:

- acmhainn agus cumas sonraí (na mball foirne agus na heagraíochta) a thógáil
- an bhainistíocht sonraí a threisiú
- an comhoibriú maidir le sonraí a threisiú
- a oiread leasa agus luacha agus is féidir a bhaint as sonraí.

***Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)***

I 2017, bhunaigh an Roinn tionscadal ullmhachta i ndáil leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) chun a chinntiú go mbeidh sé ag cloí leis an RGCS éifeachtach ón 25 Bealtaine 2018.

Mar chuid den tionscadal seo, chnuasaigh an Roinn liosta de ghníomhaíochtaí próiseála a úsáideann sonraí pearsanta. Mar chuid den obair seo, déanfar nuashonrú ar fhoirmeacha iarratais na Roinne agus ar fhógraí príobháideachta chun a chinntiú go mbeidh siad seo ag comhlíonadh GDRP. Mar chuid de na tascanna ullmhachta maidir le GDRP, déanfar leasuithe ar bheartais agus ar phrótacail chosanta sonraí na Roinne agus cinnteofar go bhfuil próisis fheiliúnacha i bhfeidhm chun tacú le feidhmiú na gceart cosanta sonraí nuair a roghnaíonn duine, is ábhar do na sonraí, sin a dhéanamh.

I Meitheamh 2017, shann an Roinn Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO) eatramhach agus is é an ról atá aige baill foirne na Roinne, a bhíonn ag próiseáil sonraí pearsanta, a chur ar an eolas agus comhairle a chur orthu maidir lena n-oibleagáidí faoi GDRP agus faoi fhorálacha eile a bhaineann le cosaint sonraí. Sa dara leath de 2017, reáchtáladh roinnt ócáidí eolais ar GDPR le haghaidh bhaill foirne na Roinne.

Reáchtáil an Roinn ardoiliúint do roinnt ball foirne sa chosaint sonraí, freisin, cuir i gcás, Measúnachtaí Tionchair maidir le Cosaint Sonraí (DPIA). Tá an Roinn, san am i láthair, ag meabhrú ar an mbealach is fearr le hoiliúint sa chosaint sonraí a chur ar fáil dá cuid ball foirne ar fad.

**Seán Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna

12 Meán Fómhair 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 26 Oideachas agus Scileanna

**Tuairim ar an gcuntas leithreasa**

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 26 Oideachas agus Scileanna don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**An bonn faoi mo thuairim**

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Oideachas agus Scileanna agus tá comhlíonta agam na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, tá cur síos déanta orthu sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 26 Oideachas agus Scileanna
## Cuntas Leithreasa 2017

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A | Oideachas an chéad leibhéil, an dara leibhéal agus na luathbhlianta | | | | |
| | *Bunaidh* | 6,598,571 | | | |
| | *Forlíontach* | 90,000 | 6,688,571 | 6,661,168 | 6,258,807 |
| B | Forbairt scileanna | | | | |
| | *Bunaidh* | 342,866 | | | |
| | *Forlíontach* | (12,000) | 330,866 | 328,746 | 336,212 |
| C | Ardoideachas | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,584,834 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,000 | 1,589,834 | 1,590,038 | 1,535,860 |
| D | Seirbhísí caipitil | | | | |
| | *Bunaidh* | 644,824 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,000 | 648,824 | 661,395 | 682,575 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,171,095 | | | |
| | *Forlíontach* | 87,000 | **9,258,095** | **9,241,347** | **8,813,454** |
| | *Asbhain* | | | | |
| E | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 495,796 | | | |
| | *Forlíontach* | (37,000) | | | |
| | | | **458,796** | **466,588** | **487,448** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 8,675,299 | | | |
| | *Forlíontach* | 124,000 | | | |
| | | | **8,799,299** | **8,774,759** | **8,326,006** |

**Barrachas**

Tá barrachas na méideanna dá ndéantar soláthar thar an nglanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | 24,540,261 | 14,646,701 |

**Seán Ó Foghlú**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
12 Meán Fómhair 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar chúrsaí riaracháin | | 90,766 | 85,006 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 9,150,581 | 8,728,448 |
| **Ollchaiteachas** | | **9,241,347** | **8,813,454** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **466,588** | **487,448** |
| **Glanchaiteachas** | | **8,774,759** | **8,326,006** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim ceannachán | (150,792) | | |
| Dímheas | 855 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | – | (149,937) | (139,434) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 15,455 | | |
| Laghdú ar stoc | 53 | | |
| | | 15,508 | (22,630) |
| **Caiteachas díreach** | | **8,640,330** | **8,163,942** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh áit éigin eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 31,056 | 27,162 |
| Cíosanna barúlacha | | 4,260 | 4,073 |
| **Glanchostas cláir** | | **8,675,646** | **8,195,177** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 26 a iompraíodh in áit eile.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaima[a] | 278 | 249 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 23,940 | 19,531 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,199 | 5,743 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 1,363 | 1,358 |
| Ciste Lárnach - Pinsin na nAirí | 276 | 281 |
| | 31,056 | 27,162 |
| Costas cionroinnte ar son tacaíocht chuntasaíochta do Vótaí eile | – | – |
| | **31,056** | **27,162** |

[a] Cuimsíonn seo €90,000 i dtaca le gníomhaireachtaí eile faoi Vóta 26 atá ag fáil seirbhísí le haghaidh óstáil TF. Is iad na gníomhaireachtaí sin ná Bord Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath, HEAnet, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus an Chomhairle Mhúinteoireachta.

## Nóta 2 Ráiteas faoi Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **157,242** | **238,619** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic [a] | | 94 | 147 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 19,025 | 23,842 |
| Ró-íocaíochtaí i leith aisghabhála | 5.8 | 6,352 | 6,051 |
| Aisghabháil chostais na mball foirne ar iasacht | | 106 | 151 |
| Suimeanna dlite ón AE | | 40 | 23 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 2,018 | 2,205 |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 16,845 | 22,707 |
| **Glansócmhainní iomlána** | | **44,480** | **55,126** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 21,208 | 17,048 |
| Ioncam iarchurtha | | — | — |
| Aisghabháil tuarastal chuig ranna agus chuig gníomhaireachtaí eile | | 73 | 48 |
| Airgead ón AE le dáileadh | | 6,198 | 13,767 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 435 | 788 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 12,270 | 10,380 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **40,184** | **42,031** |
| **Glansócmhainní/(dliteanais) reatha** | | 4,296 | 13,095 |
| **Glansócmhainní** | | **161,538** | **251,714** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe an Stáit** | 2.1 | **161,538** | **251,714** |

[a] Stoc comhdhéanta de stáiseanóireacht €64,000 (2016: €87,000) agus nithe in-úsáidte TF €30,000 (2016: €60,000).

## 2.1 Cuntas cistithe an stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | | 251,714 | 150,885 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 8,799,299 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (24,540) | | |
| Glanvóta | | | 8,774,759 | 8,326,006 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit éigin eile | 1 | | 31,056 | 27,162 |
| Caiteachas neamhairgid - cíos barúlach | 1 | | 4,260 | 4,073 |
| Míreanna eile neamhairgid [a] | 2.2 | | (224,605) | (61,235) |
| Glanchostas cláir | 1 | | (8,675,646) | (8,195,177) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | | | **161,538** | **251,714** |

[a] Baineann na míreanna neamhairgid le nósanna cuntasaíochta chun sócmhainní tógála na Roinne ar luach €224.6 milliún a aistriú.

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Tailte agus foirgnimh | Troscán agus feisteas | Trealamh oifige | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ar an 1 Eanáir 2017 | 94,910 | 7,486 | 20,287 | 140,121 | 262,804 |
| Breiseanna[a] | 2,922 | 64 | 747 | 140,350 | 144,083 |
| Sócmhainní tugtha chun úsáidte | 197,988 | — | 217 | (198,205) | — |
| Diúscairtí[b] | (224,605) | — | (368) | — | (224,973) |
| Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2017 | 71,215 | 7,550 | 20,883 | 82,266 | 181,914 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2017 | — | 7,249 | 16,936 | — | 24,185 |
| Dímheas don bhliain | | 62 | 793 | — | 855 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (368) | — | (368) |
| Dímheas carnach ar an 31 Nollaig 2017 | — | 7,311 | 17,361 | — | 24,672 |
| **Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2017** | **71,215** | **239** | **3,522** | **82,266** | **157,242** |
| Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2016 | 94,910 | 237 | 3,351 | 140,121 | 238,619 |

[a] Cuimsíonn figiúr na mbreiseanna do shócmhainní caipitil faoi chostais forbartha táillí gaolmhara gairmiúla ar luach €27.7 milliún nár cuireadh san áireamh idir 2013 agus 2016.

[b] Caitheann an Roinn le haistriú rialaithe sócmhainne chuig údarás scoile mar dhiúscairt, sa chuntas seo, ar mhaithe le cuspóirí cuntasaíochta. Ní aistrítear an úinéireacht. Seo a leanas na maoine scoileanna agus páirteanna díobh a aistríodh idir 2014-2017:

| Ainm na Scoile | Luacháil €000 |
|---|---|
| Bunscoil Nic Amhlaidh agus Bunscoil Ris, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman | 11,900 |
| Scoil Náisiúnta Cloonakill, Cloonakill, Baile Átha Luain, Ros Comáin | 5,640 |
| Coláiste Glór na Mara, Bóthar na hAille, Baile Brigín | 20,411 |
| Coláiste De Lacy, Cill Déagláin, Co na Mí - Féach FLE - 1/3 bunscoil 2/3 iar-bhunscoil | 11,573 |
| Coláiste Edmund Rice, Carraig Uí Leighin | 900 |
| Gaelscoil na Mí, Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Chill Déagláin, Cill Déagláin, Co. na Mí | 9,549 |
| GS an Bhradáin Feasa, Co. na Mí | 6,840 |
| GS Bharra, Cabra | 4,794 |
| GS de hÍde, Mainistir Fhear Maí | 9,262 |
| GS Iarflatha, Tuaim | 5,019 |
| GS Riabhach, Baile Locha Riach | 4,869 |
| GS an Raithín agus Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Mhungairit, Luimneach | 13,090 |
| GS Mhic Amhlaigh, Cnoc na Cathrach, Gaillimh | 8,259 |
| Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile, Páirc Hans (campas roinnte) | 9,699 |
| Meánscoil Foghlaim le Chéile, Páirc Hans (campas roinnte) | 20,210 |
| Meánscoil Le Chéile, Baile an Tirialaigh, Baile Átha Cliath | 21,721 |
| Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Leitir Ceanainn, Dún na nGall | 8,356 |
| Pobalscoil Náisiúnta Leamhcáin | 6,854 |
| Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile, Mainistir na Corann, Corcaigh | 9,094 |
| Scoil Náisiúnta Foghlaim le Chéile Bhaile an Phaoraigh, Baile Átha Cliath | 9,258 |
| SN Cathair Geal, Tuaim, Co na Gaillimhe | 2,422 |
| Scoil Aoife, Pobalscoil Náisiúnta, Ráth Miontáin, Baile Átha Cliath | 7,043 |
| Scoil Shóisearach, Scoil Cara, Bóthar an Bháin Duibh, Co. Chorcaí | 6,199 |
| Scoil Chormaic, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 8,294 |
| Scoil Náisiúnta na bhForbacha, an Spideal, Co. na Gaillimhe | 3,349 |
| **Iomlán** | **224,605** |

**Nóta Ginearálta Faisnéise**

Níl aon talamh nó aon fhoirgneamh ar leis an Stát iad agus a rialaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna nach bhfuil luacháil tugtha dóibh.

Is mar seo a leanas a rialaítear agus a bhainistítear tailte agus foirgnimh ar leis an Roinn iad:

**1. An Chéad Leibhéal**

1.1 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna trí láithreán is tríocha (33) de chuid an chéad leibhéil agus tá siad á rialú/mbainistiú aige.

1.2(i) Tá cúig ngaelscoil is seachtó (75) agus ceithre scoil ll-sainchreidmheacha is daichead (44) ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach agus iad á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta. Tá cúig (5) phobalscoile náisiúnta ag feidhmiú ar láithreáin, ar leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad, i gcóiríocht bhuan nó i gcóiríocht shealadach.

1.2(ii) Tá ceithre (4) láithreán agus/nó fhoirgneamh Il-sainchreidmheacha agus aon láithreán agus/nó aon fhoirgneamh amháin do scoil Chaitliceach i seilbh an Aire Oideachais agus Scileanna faoi chomhaontuithe léasa fhadtéarmaigh ach iad á rialú/á mbainistiú.ag boird bhainistíochta .

1.2(iii) Tá naoi (9) modhscoil, ar leis an Stát iad nó atá léasaithe ag an Stát, á rialú/mbainistiú ag boird bhainistíochta.

1.3 Ba é líon iomlán na scoileanna náisiúnta a bhí ag feidhmiú ar an 31 Nollaig 2017 ná trí mhíle, dhá chéad, daichead agus sé scoil (3,246). Seachas 1.2(i) go 1.2(iii) thuas, is scoileanna sainchreidmheacha formhór na scoileanna seo agus is leis an údarás ábhartha deoise iad.

1.4 Tar éis achtú Acht na Leanaí 2001, is é an t-aon cheist gan freagra a bhaineann le haon ionad coinneála páistí amháin ná fógra an Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) chuig an Údarás Clárúcháin Maoine maidir le hathrú úinéireachta réadmhaoin na scoile ón Aire Oideachas go Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) Threoraigh an Roinn OPAS, le déanaí, an tÚdarás Clárúcháin Maoine a chur ar an eolas faoin athrú úinéireachta.

1.5 Tá an tAire ar dhuine de bheirt ráthóirí an Middletown Centre for Autism (Holdings) Limited, comhlacht atá teoranta ag ráthaíocht, ar leis agus a choinníonn réadmhaoin i gCo. Ard Mhacha a úsáidtear le haghaidh Middletown Centre for Autism.

**2. 2. An Dara Leibhéal**

2.1 Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna ceithre láithreán déag (14) i gcomhair scoileanna dara leibhéal agus iad á rialú/á mbainistiú aige.

2.2(i) Is leis an Aire Oideachais agus Scileanna ceithre scoil déag (14) cuimsitheacha, ocht bpobalscoil is seachtó (78) agus sé mheánscoil déag (16), ach iad á rialú/á mbainistiú ag boird bhainistíochta.

2.2(ii) Tá dhá chéad daichead agus ceithre ghairmscoil (244) dílsithe i mBoird Oideachais agus Oiliúna faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

2.2(iii) Tá trí chéad seasca agus dhá mheánscoil (362) faoi úinéireacht phríobháideach.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| Ar an 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG agus airgead tirim | 16,442 | 22,255 |
| Bainc thráchtála | 400 | 449 |
| Mionairgead | 3 | 3 |
| | **16,845** | **22,707** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| Ar an 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge | 9,031 | 9,934 |
| Réamhíocaíocht le Bus Éireann – iompar scoile[a] | 7,493 | 8,206 |
| Cíos Cóiríochta Sealadaí Scoile | 1,424 | 2,729 |
| Ceannach Láithreán | — | 2,135 |
| Eile | 1,077 | 838 |
| | **19,025** | **23,842** |

[a] Tá figiúr 2016 le haghaidh réamhíocaíochtaí le Bus Éireann athluaite chun cúlchiste de €6.9 milliún atá ag Bus Éireann ar son na Roinne a áireamh.

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ar an 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Íocaíochtaí gníomhaireachta le hOifig na nOibreacha Poiblí | 5 | 57 |
| Íocaíochtaí anonn aoisliúntais | 3 | — |
| Tuarastail in-aisghabhála | 168 | 193 |
| Clár Leathanbhanda na Scoileanna | 1,440 | 1,440 |
| Pasanna taistil | 50 | 258 |
| Dlite ón Stát | — | 4 |
| Aisghabháil costas ó oifigí comhroinnte | 119 | 102 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 53 | 59 |
| Fionraí párolla | 3 | — |
| Réamhíocaíochtaí taistil agus cothabhála | 31 | 49 |
| Dlite ón gCuntas Speisialta Sásaimh | 146 | 43 |
| | **2,018** | **2,205** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| Ar an 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Dlite don Stát | 21 | 12 |
| Aisíocaíocht pinsin | 16 | 114 |
| Clár tógála fuinnimh | 311 | 319 |
| Fionraí Párolla | 4 | — |
| Rothaíocht chun na hoibre | 2 | 4 |
| Íocaíochtaí anonn a bhaineann le haoisliúntas | 23 | 219 |
| Pasanna taistil | 1 | — |
| Eile | — | 120 |
| Íocaíochtaí Oifig na nOibreacha Poiblí le gníomhaireachtaí | 57 | — |
| | **435** | **788** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| Ar an 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 24,540 | 14,647 |
| Deontas neamhtharraingthe ón Státchiste | (12,270) | (4,267) |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | **12,270** | **10,380** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 16,845 | 22,707 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2,018 | 2,201 |
| Dlite ón Stát | — | 4 |
| Méideanna dlite ón AE | 40 | 23 |
| | 18,903 | 24,935 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (21) | (12) |
| Airgead ón AE le dáileadh | (6,198) | (13,767) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (414) | (776) |
| | (6,633) | (14,555) |
| | **12,270** | **10,380** |

## 2.8 Ceangaltais

| Ar an 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **a) Ceangaltais uilíocha** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí[a] | 4,336 | 2,182 |
| Cláir dheontais[b] | 3,241,069 | 3,117,816 |
| Cláir deontais caipitil[c] | 80,720 | 78,320 |
| Tionscadail chaipitil [d] | 321,697 | 439,073 |
| Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha | 1,531,951 | 1,619,222 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe le dlí** | **5,179,773** | **5,256,613** |

[a] Suim 2016 athluaite tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar chatagóiriú iarbheart faoi na mírchinn thuas.

[b] Is ionann ceangaltais an chláir deontais agus suim vótáilte na ndeontas neamhchaipitil do 2018 (2016: suim a vótáladh do 2017). Suim 2016 athshonraithe tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar chatagóiriú iarbheart faoi na mírchinn thuas.

[c] Baineann na cláir deontais chaipitil le deontais a íocfar le forais choimirce as gach tionscadal chaipitil amhail ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus boird oideachais agus oiliúna. suim 2016 athluaite tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar chatagóiriú iarbheart faoi na mírchinn thuas.

[d] Is í an Roinn féin a dhéanann bainistíocht agus maoirseacht ar thionscadail chaipitil.

**b) Mórcheangaltais chaipitil**

**Tionscadail chaipitil a bhfuil €6,350,000 nó níos mó de chaiteachas i gceist iontu**

| | Caiteachas carnach go 31 Nollaig 2016 | Caiteachas i 2017 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis | Caitheamh iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2017 | Caitheamh iomlán ionchasach thar shaolré an tionscadail 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Mórcheangaltais chaipitil maidir le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (fo-mhírcheann D3)[a] | 394,530 | 213,395 | 199,983 | 807,908 | 566,203 [b] |
| Mórcheangaltais chaipitil maidir le hollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus institiúidí ainmnithe ardoideachais eile (fo-mhírcheann D4)[a] | 60,369 | 375 | 29,997 | 90,741 | 32,286 |
| **Iomlán na mórcheangaltas caipitil** | **454,899** | **213,770** | **229,980** | **898,649** | **598,489** |

[a] Tá sceideal do gach tionscadal a bhfuil mórcheangaltas caipitil acu mar aon le míniú ar dhifríochtaí liostáilte faoi Aguisín B.

[b] Tá méadú déanta ar na gealltanais caipitil ar 31 Nollaig 2016 ó €190.2 milliún de réir na cuntais a foilsíodh in 2016 go €566.2 milliún le go mbeidh tionscadail chaipitil thar €6.35 milliún curtha san áireamh i gcuntais 2017. Roimh 2017, ní dhearna an Roinn tuairisciú ach ar gealltanais caipitil a bhí thar €12.6 milliún.

**c) Costas na dTionscadal Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí**

Tá ocht gconradh faoi leith déanta ag an Roinn go dtí seo chun cóiríocht oideachais a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a chothabháil agus a oibriú faoi shamhail na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP). Is socruithe struchtúrtha idir forais san earnáil phoiblí agus infheisteoirí san earnáil phríobháideach iad CPPanna ar mhaithe le tionscadail bhonneagair a sholáthar a chuirfí ar fáil, murach sin, trí mheicníochtaí traidisiúnta soláthair agus an caiteachas ar fad a bhaineann le tógáil le cur ar fáil roimh ré. Íocann an Roinn na costais i bhfoirm muirir aonadacha mhíosúla thar thréimhse 25 bliana, agus íoctar an chéad mhuirear aonadach a luaithe a bhíonn an fhoirgníocht déanta.

| | Caiteachas go 31 Nollaig 2016 | Caiteachas i 2017 | Ceangaltais atá infheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta dá éis | Iomlán an tionscadail 2016 | Iomlán an tionscadail 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann | 112,341 | 7,419 | 68,101 | 187,861 | 187,825 |
| 2. Beartán Cúig Threoirscoil | 161,332 | 10,768 | 116,603 | 288,703 | 290,471 |
| 3. Scoil Cheoil Chorcaí | 85,377 | 8,278 | 127,163 | 220,818 | 222,423 |
| 4. An Chéad Bheartán Scoileanna CPP | 63,699 | 9,083 | 171,873 | 244,655 | 245,636 |
| 5. An Dara Beartán Scoileanna CPP | 75,695 | 12,264 | 250,598 | 338,557 | 342,423 |
| 6. An Tríú Beartán Scoileanna CPP | 55,367 | 14,948 | 341,495 | 411,810 | 410,403 |
| 7. An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP | 13,967 | 7,572 | 191,637 | 213,176 | 219,315 |
| 8. An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP | — | — | 264,481 | 264,481 | 268,504 |
| | **567,778** | **70,332** | **1,531,951** | **2,170,061** | **2,187,000** |

[a] Baineann an caiteachas a léirítear ag deireadh 2017 go sonrach le híocaíochtaí na muirear aonadach. Tá an caiteachas sa tábla thuas san áireamh i dtoradh iomlán mhírcheann D.5, €71.57 milliún, cuimsíonn fo-mhírcheann D.5 deontais faoi leith chuig scoileanna atá aicmithe ina scoileanna CPP.

**Difríochtaí suntasacha CPP**

Mínítear thíos cásanna inar mhéadaigh/ laghdaigh an caiteachas iomlán réamh-mheasta de bhreis is €500,000 ó 2016 go 2017.

**Beartán Cúig Threoirscoil**

Is toradh é an laghdú de €1.768 milliún ó 2016 go 2017 ar an athbhreithniú bliantúil ar réamh-mheastacháin mhuirir aonadaigh don bheartán, a ghintear sa chéad áit le linn athbhreithniú bliantúil innéacsaithe. I gcás an Bheartáin Treoirscoileanna, tá céatadán níos airde den mhuirear aonadach faoi réir innéacsú ná mar is amhlaidh i gcás na mbeartán eile. Ina fhianaise sin, tá céim níos airde luaineachta ó bhliain go bliain sna réamhmheastacháin don bheartán seo.

**Scoil Cheoil Chorcaí**

Is toradh é an laghdú de €1.605 milliún ó 2016 go 2017 ar an athbhreithniú bliantúil ar réamh-mheastacháin mhuirir aonadaigh don bheartán, a ghintear sa chéad áit le linn athbhreithniú bliantúil innéacsaithe.

**Beartán na Scoileanna 1**

Is toradh é an laghdú de €0.981 milliún ó 2016 go 2017 ar an athbhreithniú bliantúil ar réamh-mheastacháin mhuirir aonadaigh don bheartán, a ghintear sa chéad áit le linn athbhreithniú bliantúil innéacsaithe.

**Beartán na Scoileanna 2**

Is toradh é an laghdú de €3.866 milliún ó 2016 go 2017 ar an athbhreithniú bliantúil ar réamh-mheastacháin mhuirir aonadaigh don bheartán, a ghintear sa chéad áit le linn athbhreithniú bliantúil innéacsaithe.

**Beartán na Scoileanna 3**

Is toradh é an méadú de €1.407 milliún ó 2016 go 2017 ar an athbhreithniú bliantúil ar réamh-mheastacháin mhuirir aonadaigh don bheartán, a ghintear sa chéad áit le linn athbhreithniú bliantúil innéacsaithe.

**Beartán na Scoileanna 4**

Is toradh é an laghdú de €6.139 milliún ó 2016 go 2017 ar an athbhreithniú bliantúil ar réamh-mheastacháin mhuirir aonadaigh don bheartán, a ghintear sa chéad áit le linn athbhreithniú bliantúil innéacsaithe.

**Beartán na Scoileanna 5**

Is toradh é an laghdú de €4.023 milliún ó 2016 go 2017 ar na réamh-mheastacháin a bhí bunaithe ar gach scoil a rachadh i mbun oibre in Eanáir 2018. Tá na réamh-mheastúcháin reatha bunaithe ar thrí scoil a rachaidh i mbun oibre i mBealtaine 2018 agus na trí scoil eile a rachaidh i mbun oibre in Iúil 2018.

**Nóta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP)**

**An Coláiste Náisiúnta Mara**

Tugadh Tionscadal CPP Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann chun críche i nDeireadh Fómhair 2004. Ba é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann an chéad CPP tríú leibhéal a críochnaíodh agus a chuaigh i mbun oibre in Éirinn. Cuireann an coláiste saoráidí úrscothacha oideachais agus oiliúna ar fáil chun freastal ar riachtanais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ar riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann.

**CPP Cúig Threoirscoil**

Tá na cúig iar-bhunscoil sa bheartán Treoirscoileanna CPP lonnaithe i nDún Mánmhaí agus i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí, i dTobar an Choire, Co. Shligigh; i gCluain Eois, Co. Mhuineacháin, agus i Sionainn, Co. an Chláir. Rinneadh an conradh i leith CPP Cúig Threoirscoil a shíniú le Jarvis Projects Ltd i Samhain 2001. Thosaigh tréimhse oibriúcháin na scoileanna in Eanáir 2003.

**Scoil Cheoil Chorcaí**

Is i Meán Fómhair 2005 a síníodh conradh le Hochtief chun Scoil Cheoil Chorcaí a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Críochnaíodh Scoil Cheoil Chorcaí in Iúil 2007.

**An Chéad Bheartán Scoileanna CPP**

Is i Márta 2009 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun na ceithre iar-bhunscoil i bPort Laoise, Contae Laoise (dhá scoil), i mBeannchar agus ar an bhFéar Bán (an dá cheann acu i gContae Uíbh Fhailí) a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú. Thosaigh gach ceann de na ceithre scoil seo ag feidhmiú i Meán Fómhair 2010.

**An Dara Beartán Scoileanna CPP**

Is i Meitheamh 2010 a síníodh conradh le Maquarie Partnerships for Ireland chun cúig iar-bhunscoil agus bunscoil amháin a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a oibriú i gCill Mhantáin, Co. Chill Mhantáin; i mBaile Átha Buí, Co. na Mí; i gCill Dara, Co. Chill Dara; i Mainistir na Féile, Co. Luimnigh agus i mBeanntraí, Co. Chorcaí (dhá scoil). Thosaigh gach ceann de na sé scoil seo ag feidhmiú go mall i 2011.

**An Tríú Beartán Scoileanna CPP**

Seacht n-iar-bhunscoil agus bunscoil amháin atá sa Tríú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite i mBéal an Átha Móir, Co. Liatroma; i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall; i nGuaire, Co. Loch Garman; i nDabhach Uisce, Co. na Gaillimhe (2 scoil); i nDún, Co. Luimnigh; i dTrá Mhór, Co. Phort Láirge; agus i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Is i Samhain 2012 a síníodh conradh le CPP BAM chun na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na hocht scoil seo ag feidhmiú idir Samhain 2013 agus Bealtaine 2014.

**An Ceathrú Beartán Scoileanna CPP**

Ceithre iar-bhunscoil atá sa Cheathrú Beartán Scoileanna CPP. Tá siad suite i dTulla, Co. an Chláir; i Sciobairín, Co. Chorcaí; i nDún Dealgan, Co. Lú agus i gCarraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann. Is i Nollaig 2014 a síníodh conradh le CPP BAM chun ceithre iar-bhunscoil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú agus a chothabháil. Thosaigh gach ceann de na scoileanna seo ag feidhmiú idir Márta agus Bealtaine 2016.

**An Cúigiú Beartán Scoileanna CPP**

Tá ceithre iarbhunscoil, bunscoil amháin agus coláiste breisoideachais amháin sa 5ú Beart den Tionscadal Chomhphháirtíocht Phríobháideach Phoiblí. Tá siad suite i gCeatharlach (1 scoil agus 1 Coláiste Breisoideachais); Ceanannas, Co. na Mí, Bré, Co. Chill Mhantáin (dhá scoil) agus Loch Garman.

Síníodh an conradh maidir leis na scoileanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus cothabháil a dhéanamh orthu i mí Iúil 2016 le Inspiredspaces. Meán sainchuspóirí atá in Inspiredspaces ina bhfuil Ciste Infreastruchtúir na hÍsiltíre agus Carillion Private Finance Ltd. ina gcomhscairshealbhóirí ar bhonn caoga caoga.

Cheap Inspiredspaces Carillion Construction Ltd mar phríomhchonraitheoir tógála, a chuir an obair amach ar fochonradh dá réir sin chuig Sammon Contracting Ireland Ltd.

Ceapadh Carillion AMBS Ltd mar chonraitheoir ar bhainistiú áiseanna. Ceapadh go mbeadh na scoileanna curtha i gcrích agus réidh le haistriú idir Ráithe 4, 2017 agus Ráithe 1, 2018. Cuireadh deireadh leis na conarthaí oibreacha agus bainistiú áiseanna, de thairbhe leachtú Carillion Construction Ltd agus Carillion AMBS Ltd araon áfach, agus cuireadh moill ar thús seirbhíse.

I mí Meithimh 2018, rinneadh socruithe le conraitheoir tógála eile a cheapadh leis an trí scoil seo a chur i gcrích faoi Ráithe 3 2018 agus le suirbhé agus réamhobair a dhéanamh ag an dtrí fhoirgneamh eile sa chlár. Sprioc thábhachtach a bhí sa mhéid seo i bpacáiste athstruchtúraithe céimnithe ó thaobh socruithe de leis na sé fhoirgneamh ar fad a chríochnú. Ceaptar go mbeidh na trí scoil atá fágtha críochnaithe faoi dheireadh Ráithe 4 2018.

## 2.9 Dliteanas tagtha chun aibíochta

| Ar an 31 Nollaig | 2017<br>€000 | 2016<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán de dhliteanais tagtha chun aibíochta nár scaoileadh ag deireadh na bliana | 212 | 268 |

## Nóta 3 Caiteachas ar Vóta de réir Fo-mhírchinn

### Anailís ar an gCaiteachas ar Chúrsaí Riaracháin

Tugann an nóta a leanas anailís ar an gcaiteachas ar riarachán an Vóta agus tugann sé achoimre ar chúiseanna na ndifríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá an caiteachas ar chúrsaí riaracháin cionroinnte trasna na gclár chun costais iomlána na gclár a léiriú.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 59,570 | 59,517 | 56,649 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,761 | 1,766 | 1,443 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,617 | 1,596 | 1,072 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2,200 | 2,376 | 2,150 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 5,893 | 5,677 | 5,116 |
| vi | Costais ar fhoirgnimh oifige | 1,950 | 1,931 | 1,603 |
| vii | Comhairleoireacht agus seirbhísí eile | 130 | 50 | 125 |
| viii | Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 18,385 | 17,853 | 16,848 |
| | | **91,506** | **90,766** | **85,006** |

## Clár A Oideachas an Chéad Leibhéil, an Dara Leibhéal agus na Luathbhlianta

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | | | 58,585 | 58,140 | 55,194 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | 11,600 | 11,592 | 9,850 |
| A.3 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) bunmhúinteoirí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,286,735 | | | |
| | | *Forlíontach* | 7,000 | 2,293,735 | 2,288,684 | 2,132,039 |
| A.4 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) múinteoirí meánscoile, múinteoirí scoileanna cuimsitheacha agus múinteoirí pobalscoileanna | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,192,511 | | | |
| | | *Forlíontach* | (7,000) | 1,185,511 | 1,183,387 | 1,111,028 |
| A.5 | Deontais le Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) i ndáil le tuarastail múinteoirí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 638,618 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,000 | 641,618 | 640,978 | 596,327 |
| A.6 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 464,177 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,000 | 472,177 | 476,069 | 428,290 |
| A.7 | Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) ball foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 108,414 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,000) | 106,414 | 102,597 | 99,879 |
| A.8 | Aoisliúntas etc. i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,043,151 | | | |
| | | *Forlíontach* | 71,000 | 1,114,151 | 1,112,350 | 1,069,993 |
| A.9 | Seirbhísí iompair scoile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 182,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,000 | 190,000 | 188,535 | 182,188 |
| A.10 | Deontais (lena n-áirítear caipitlíocht) iníoctha le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna, le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le heagraíochtaí agus Institiúidí oideachais eile | | | 432,543 | 434,321 | 432,468 |
| A.11 | Deontais d'fhorais oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 78,147 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,000 | 80,147 | 80,148 | 73,101 |
| A.12 | Oideachas múinteoirí | | | 27,900 | 27,886 | 22,606 |
| A.13 | Íocaíochtaí i ndáil le sásamh d'institiúidí cónaithe agus costais a bhaineann leis an gCoimisiún um Dhrochúsáid Leanaí | | | 2,225 | 2,022 | 4,403 |
| A.14 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | | 71,965 | 54,459 | 41,441 |
| | | | | **6,688,571** | **6,661,168** | **6,258,807** |

**Difríochtaí suntasacha**

Ar an iomlán, ba mhó de €62.6 milliún an caiteachas i ndáil le Clár A ná mar a soláthraíodh sa mheastachán. Ba iad na príomh-éagsúlachtaí:

***A.3 Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) bunmhúinteoirí***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €2,287 milliún, toradh: €2,289 milliún

Tharla an méadú €2 milliún ar ghlanchaiteachas i gcomparáid leis an mbunmheastachán mar gheall ar ghannchaitheamh agus róchaiteachas éagsúla.

Lorgaíodh meastachán breise méadaithe de €7 milliún, le go clúdófar na costais bhreise go príomha a bhí bainte le cinneadh an Rialtais íocaíocht €1,000 an duine a thabhairt chun cinn faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington (CBH) ó 31 Lúnasa 2017 go 1 Aibreán 2017 ina raibh brú costais méadaithe mar thoradh air – agus costas measta de €15 milliún air. Bhí brú costais méadaithe de €1.4 milliún freisin cionn is go raibh an líon agus costas na n-éileamh teagasc baile níos airde ná mar a bhí tuartha.

I ndáiríre, tharla coigilteas párolla glan de thart ar €14 mhiliún san fhotheideal a rinne cúiteamh mór ar chostais bhreise an méadú CBH. Léiríonn sé seo na castachtaí a bhaineann le costais phárolla a thuar nuair a áirítear an líon athróg lena n-áirítear ionadaíocht múinteoirí agus na costais atá bainte, gur féidir athrú ó mhí go mí, agus cionn is go raibh ar an meastachán breise a bheith áirithe go coimeádach mar go raibh sé deimhnithe sular tugadh léiriú iomlán maidir le coigilteas le fios.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €2,288,683,850 0.2% níos ísle ná an leithdháileadh forlíontach deiridh.

***A.4 Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) múinteoirí meánscoile, múinteoirí scoileanna cuimsitheacha agus múinteoirí pobalscoileanna***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €1,192 milliún, toradh: €1,183 milliún

Ba de thoradh ar mheascán de róchaitheamh agus ghannchaitheamh i gcoibhéis leis an meastachán bunaithe a bhí glanchoigiltis de €9 milliún ann.

- Scoireadh neamhfheidhmiú socruithe pá Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington/Comhaontú Bhóthar Lansdúin) le baill ASTI (Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire) i rith a ngníomhaíochta tionsclaíoch rud a raibh coigiltis thart ar €12 mhilliún mar thoradh air;
- Glanchoigiltis phárolla thart ar €2 mhilliún, a chuimsigh costais ionadaíochta níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis agus níos mó daoine ná mar a measadh ag dul ar scoir;
- Costais mhéadaithe a tháinig ó chinneadh an Rialtais íocaíocht de €1,000 an duine a tabhairt chun tosaigh faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington (HRA) ó 31 Lúnasa 2017 go 1 Aibreán 2017, €5 mhilliún an costas measta.

Feidhmíodh meastachán forlíontach laghdaitheach de €7 milliún.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €1,183,387,447 0.2% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach .

***A.5 Deontais le Boird Oideachais agus Oiliúna maidir le tuarastail múinteoirí BOO***

Soláthar sa mheatachán bunaidh: €639 milliún, toradh: €641 milliún

Ba de thoradh ar mheascán de róchaitheamh agus ghannchaitheamh a bhí glanbharrachas de €2 mhilliún i gcoibhéis leis an meastachán bunaidh.

- tháinig róchaitheamh de €5 mhilliún de thoradh ar chinneadh an Rialtais íocaíocht de €1,000 an duine a tabhairt chun tosaigh faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington (HRA) ó 31 Lúnasa 2017 go 1 Aibreán 2017;
- ba de thoradh ar choigiltis ghinearálta phárolla a tháinig ó 16 BOO éagsúla a bhí tearc-chaitheamh de €3 mhilliún.

Ceistíodh an glanmhéadú tuartha ar an gcaiteachas le meastachán forlíontach de €3 mhilliún.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €640,977,667 0.1% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***A.6 Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna***

Soláthar sa mheatachán bunaidh: €464 mhilliún, toradh: €476 mhilliún

Ba de thoradh ar mheascán de róchaitheamh agus ghannchaitheamh maidir le costais cúntóirí riachtanas speisialta a bhí an glanchaiteachas de €12 mhilliún i gcoibhéis leis an meastachán bunaidh.

Ba de thoradh orthu seo a leanas a bhí an ró-chaitheamh de €13 mhilliún ar chúntóirí riachtanas speisialta in earnáil an oideachais (seachas ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna):

- méadú €7 milliún ar chostais phárolla de thoradh ar chinneadh an Rialtais 975 phost nua a cheadú ó Mheán Fómhair 2017;
- cinneadh an Rialtais íocaíocht de €1,000 an duine a tabhairt chun tosaigh faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington (HRA) ó 31 Lúnasa 2017 go 1 Aibreán 2017, €5 mhilliún an costas measta;
- méaduithe párolla eile de €1 mhilliún.

Tháinig tearc-chaitheamh de €1 mhilliún de thoradh ar chostais phá cúntóirí riachtanas speisialta in earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag dréim leis.

Fuair an Roinn cionroinnt fhorlíontach de €8 milliún.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €476,069,205 0.8% níos mó ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***A.7 Tuarastail, pá agus liúntais (íocaíochtaí teagmhasacha san áireamh) baill foirne neamhtheagaisc i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (gan cúntóirí riachtanas speisialta a chur san áireamh)***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €108.4 milliún, toradh: €102.6 milliún

Ba de thoradh orthu seo a leanas a bhí an coigilteas de €5.8 milliún i gcoibhéis leis an soláthair sa mheastachán bunaidh:

- Coigiltis de €4 mhilliún de thoradh ar mhoill i líonadh post áirithe in earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna, mar aon le tosca nach féidir a thuar go beacht amhail scálaí-pá incriminteacha a chur i bhfeidhm, leibhéil na saoirí taighde, saoire mháithreachais, daoine a bheith ag éirí as nó ag imeacht ar scoir in earnáil na mBord Oideachais agus Traenála.
- Coigiltis de €1.4 milliún de thoradh ar rómheastachán ar chostais do bhaill foirne neamhtheagaisc sna pobalscoileanna agus sna scoileanna cuimsitheacha.
- Coigiltis de €0.4 milliún de thoradh ar líon níos lú post airíoch agus oifigeach cléireachais sna bunscoileanna agus oifigigh chléireachais i Meánscoileanna Deonacha, i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha a bheith a n-íoc ón fho-mhírcheann. Tá polasaí ann deireadh a chur le poist de réir a chéile, nuair a bhíonn folúntas ann ní dhéantar sina líonadh.

Cuireadh meastachán forlíontach laghdaitheach de €2 mhilliún i bhfeidhm.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €102,597,465 3.6% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***A.8 Aoisliúntas etc. i ndáil le baill foirne teagaisc agus neamhtheagaisc***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €1,043 milliún, toradh: €1,112 milliún

Tabhaíodh caiteachas breise de €69 milliún ar an ábhar nach raibh an meastachán bunaidh - a cuireadh le chéile i gcomhthéacs cionroinnt theoranta airgeadais - dóthanach le híoc as costais reatha phinsin agus is amhlaidh nach raibh an leibhéal tuartha maidir le scoir dóthanach ach oiread. D'imigh 1,739 nduine ar scoir i 2017, 916 dhuine níos mó ná an 823 dhuine a bhí sa mheastachán bunaidh.

Lorgaíodh cionroinnt fhorlíontach de €71 mhilliún le costais na scor nach raibh sa mheastachán bunaidh a mhaoiniú.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €1,112,349,868 0.16% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***A.9 Seirbhísí iompair scoile***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €182 milliún, toradh: €188.5 milliún

Ba de thoradh orthu seo a leanas a bhí an méadú de €6.5 milliún ar an gcaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán bunaidh:

- Méaduithe ar sheirbhísí iompair a bhí a dtreorú ag an éileamh;
- bhain costais bhreise le hiompar a sholáthar do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu, lena n-áirítear costais a bhain le tionlacain bhreise agus tacsaithe a bhí de dhíth ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus iad á n-iompar;
- Costais a bhain le seirbhísí iompair a atheagrú le freastal ar scoileanna a bhí ag riar ar leasú na Sraithe Sóisearaí.

Fuair an Roinn soláthar forlíontach de €8 milliún.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €188,534,597 0.8% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***A.11 Deontais d'fhorais oideachais a oibríonn in earnálacha an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais***

An costas iomlán réamh-mheasta: €78 milliún, toradh: €80 milliún

Ba de thoradh ar mhaoiniú breise a bheith tugtha dóibh seo a leanas a bhí an méadú de €2 mhilliún ar an gcaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán bunaidh:

- €2.5 milliún do Choimisiún na Scrúduithe Stáit le cabhrú leo an t-easnamh carnach a bhí tagtha chun cinn in imeacht roinnt blianta mar gheall ar mhéadú ar líon na n-iarrthóirí agus méadú ar líon agus ar scála na socruithe a bhí iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a lorg;
- Costais bhreise de €2 mhilliún a bheith tabhaithe ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) le riar ar aistriú fheidhmeanna na Seirbhísí Tacaíochta don Oideachas Speisialta, na Seirbhíse Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta agus na Seirbhíse Múinteoirí cuartaíochta do na daoine bodhra/lagamhairc chuig NCSE i Márta 2017.

Bhí coigiltis phárolla de €1 mhilliún ag NCSE, freisin, mar gheall ar neamhlíonadh post agus coigiltis phárolla eile. Bhí coigiltis de €0.7 milliún freisin ag an bhForas Taighde ar Oideachas agus tháinig coigiltis de €0.8 milliún de thoradh ar chur i bhfeidhm an Bheartais um Oideachas Gaeltachta.

Fuair an Roinn meastachán forlíontach de €2 mhilliún i ndáil le NCSE.

Bhí an toradh deiridh de €80,148,057 ag teacht leis an gcionroinnt deiridh.

***A.13 Íocaíochtaí maidir le sásamh d'institiúidí cónaithe agus costais a bhain leis an gCoimisiún um Dhrochúsáid Leanaí***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €2.2 milliún, toradh: €2 mhilliún

Ba de thoradh ar mheascán de róchaitheamh agus ghannchaitheamh sna scéimeanna faoin bhfo-mhírcheann seo a bhí an gannchion de €0.2 milliún sa chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán bunaidh.

- Bhí coigiltis de €500,000 ann ar an ábhar nár tháinig an caiteachas a bhí pleanáilte maidir le cuimhneachán ar íobartaigh na drochúsáide i gcrích i 2017.
- Bhí róchaitheamh de €322,000 ann i ndáil le Scéim Sásaimh d'Institiúidí Cónaithe áit a raibh na costais níb airde ná a bhíothas ag dúil leis ó tharla nár scoireadh an Scéim i 2017 mar a bhíothas ag súil leis ar dtús.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €2,021,615 9% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

### *A.14 Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha*

An soláthar sa mheastachán bunaidh: €72 mhilliún, toradh: €54.5 milliún
Ba de thoradh orthu seo a leanas go bunúsach a bhí an coigilteas de €17.5 milliún:

- an cinneadh chun íocaíochtaí áirithe ar luach iomlán de €8.3 milliún a dhéanamh le scoileanna níos luaithe sa bhliain acadúil i ndáil leis an Scéim Deontais Infreastruchtúir TFC 2016/2017. Rinneadh na híocaíochtaí seo i 2016 tar éis do mheastacháin 2017 a bheith foilsithe;
- tionscadail seirbhísí comhroinnte a bheith á gcur ar aghaidh sna hearnálacha BOO agus Ardoideachais níos moille ná mar a bhíothas ag dúil leis (€5.9 milliún);
- raidhse coigilteas níos lú ar fud roinnt réimsí.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €54,459,166 24% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

## Clár B Forbairt Scileanna

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | | 3,073 | 3,040 | 3,141 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | 700 | 681 | 684 |
| B.3 | Deontais do SOLAS i ndáil le riarachán agus costais ghinearálta | | 23,763 | 23,363 | 23,588 |
| B.4 | Fóirdheontais Chiste Sóisialta na hEorpa (CSTE) agus Fóirdheontais an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD) | | 1,350 | 475 | 84 |
| B.5 | Deontais do SOLAS i ndáil le gníomhaíochtaí breisoideachais agus oiliúna | | | | |
| | *Bunaidh* | 275,855 | | | |
| | Forlíontach | (12,000) | 263,855 | 263,855 | 272,147 |
| B.6 | Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) | | 4,000 | 4,344 | 3,414 |
| B.7 | Aoisliúntas etc. iníoctha le hiarbhaill de FÁS, SOLAS agus na Comhairle Oiliúna (ANCO) | | 33,000 | 32,064 | 32,500 |
| B.8 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 25 | — | 30 |
| B.9 | Seirbhísí na bhFóram Réigiúnach Scileanna | | 1,100 | 924 | 624 |
| | | | **330,866** | **328,746** | **336,212** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, ba lú de €14.1 milliún an caiteachas i ndáil le Clár B ná mar a soláthraíodh ar dtús.

Ba iad na príomh-éagsúlachtaí:

***B.4 Fóirdheontais Chiste Sóisialta na hEorpa (CSTE) agus Fóirdheontais an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (CECD)***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €1.4 milliún, toradh: €0.5 milliún

Ba de ar thoradh ar athchur amach ar tairiscint an chórais náisiúnta TF nua chun na riachtanais 2014-2020 a chomhlíonadh do roinnt Cistí Struchtúrtha agus Infheistíochta de chuid na hEorpa (ECI) lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa (CSTE) a bhí an coigilteas de €0.9 milliún sa chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán. Ba de thoradh ar an athchur amach ar tairiscint a bheith rathúil agus ansin an idirbheartaíocht leis na conraitheoirí a bhí costas iomlán an chórais úir níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Thairis sin, i dtaca le roinnt costas a rabhthas ag dúil leo titim i 2017, is amhlaidh a thitfidh siad i 2018.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €474,950 65% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***B.5 Deontais le SOLAS i ndáil leis an mbreisoideachas agus gníomhaíochta oiliúna***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €276 mhilliún, toradh: €264 mhilliún

Ba de thoradh ar chaiteachas áirithe a bhí pleanáilte a aistriú faoin bhfo-mhírhceann seo a bhaineann leis an mbreisoideachas agus oiliúint do dhaoine dífhostaithe ón Vóta go dtí an Ciste Náisiúnta Oiliúna a bhí an coigilteas de €12 mhilliún sa chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán bunaidh. Ceadaíodh seo faoi réir shocruithe an Achta um Chiste Náisiúnta Oiliúna, 2000, agus laghdaigh seo scála an mheastacháin iomláin fhorlíontaigh a bhí ag teastáil ón Roinn.

Cuireadh forlíonadh laghdaitheach de €12 mhilliún leis an bhfo-mhírcheann seo.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €263,855,000 ag teacht leis an gcionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***B.6 Deontas do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €4 mhilliún, toradh: €4.3 milliún

Bhí maoiniú breise de €0.3 milliún ag teastáil ó QQI, mar, in ainneoin gur éirigh leo coigiltis chaiteachais a bhaint amach i 2017, b'airde a nglanchostais oibriúcháin ná mar a bhíothas ag dúil leis mar gheall ar laghdú ar ioncaim táillí i 2017, rud nach raibh siad ag dúil leis.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €4,344,000 8.6% níos mó ná an chionroinnt deiridh agus maoiníodh é le coigiltis ar na fo-mhírchinn eile.

***B.9 Seirbhísí na bhFóram Réigiúnach Scileanna***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €1.1 milliún, toradh: €0.9 milliún

Ba de thoradh ar chostais riaracháin níos ná mar a bhíothas ag dúil leis agus tionscnaimh a bhí beartaithe go mall i 2017 gan bheith ag tarlú a bhí an coigilteas de €0.2 milliún sa chaiteachas.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €924,390 16% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

## Clár C Ardoideachas

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sa mheastachán bunaidh:** | | **Toradh** | | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | | **€000** |
| C.1 | Riarachán - pá | | 4,134 | 4,091 | | 4,207 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 940 | 917 | | 900 |
| C.3 | Deontas do chostais ghinearálta an Údaráis um Ardoideachas | | 6,251 | 6,251 | | 5,729 |
| C.4 | Deontais ghinearálta reatha d' ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'institiúidí ainmnithe ardoideachais eile | | | | | |
| | *Bunaidh* | 978,533 | | | | |
| | *Forlíontach* | 3,000 | 981,533 | 988,655 | | 938,833 |
| C.5 | Coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí – gan iad siúd a mhaoinítear tríd an Údarás um Ardoideachas san áireamh | | 6,257 | 5,752 | | 7,465 |
| C.6 | Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath (deontas) | | 10,969 | 11,067 | | 10,471 |
| C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (deontas) | | 6,566 | 6,566 | | 6,256 |
| C.8 | Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (deontas) | | 3,001 | 3,001 | | 2,955 |
| C.9 | Deontas d'institiúidí tríú leibhéal áirithe | | 7,844 | 7,425 | | 7,691 |
| C.10 | Aoisliúntas etc. atá iníoctha le hiar-bhaill foirne ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 91,996 | | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | 101,996 | 102,639 | | 95,779 |
| C.11 | Tacaíocht do mhic léinn agus costais bhainteacha | | | | | |
| | *Bunaidh* | 417,780 | | | | |
| | *Forlíontach* | (8,000) | 409,780 | 404,614 | | 410,660 |
| C.12 | Gníomhaíochtaí taighde | | 40,600 | 40,600 | | 37,600 |
| C.13 | Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas | | 6,789 | 5,621 | | 4,212 |
| C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin | | 3,074 | 2,771 | | 3,030 |
| C.15 | Deontais agus seirbhísí ilghnéitheacha | | 100 | 68 | | 72 |
| | | | **1,589,834** | **1,590,038** | | **1,535,860** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, ba mhó de €5.2 milliún an caiteachas maidir le Clár C ná mar a bhí sa mheastachán bunaidh.

Ba iad na príomh-éagsúlachtaí:

***C.4 Deontais ghinearálta reatha d' ollscoileanna, d'institiúidí teicneolaíochta agus d'institiúidí ainmnithe ardoideachais eile***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €978.5 milliún, toradh: €988.6 milliún

Ba de thoradh ar mheascán de róchaitheamh agus ghannchaitheamh a bhí an glanbharrachas de €10 milliún.

Ba de thoradh orthu seo a leanas a bhí róchaitheamh de €18 milliún ann:

- €9 milliún ar bhearta athchóirithe pá, lena n-áirítear cinneadh an rialtais íocaíocht de €1,000 an duine faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington a thabhairt chun tosaigh ó 31 Lúnasa 2017 go 1 Aibreán 2017
- Costais bhreise de €9 milliún ag eascairt ó réimse brúnna ar fud earnáil an ardoideachais.

Tháinig coigiltis de €8 milliún de thoradh ar an gcinneadh chun cláir ardoideachais ar leith a aistriú, rud a bhaineann le riachtanais an fhostóra, agus beidh siad seo á maoiniú ag an gCiste Náisiúnta Oiliúna. Cinneadh mar chuid de Cháinaisnéis 2017 go maoineofaí na cláir seo ón gCiste Náisiúnta Oiliúna ó 2018, ach tar éis smachtbhanna faoin Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna, 2000, glacadh an cinneadh €8 milliún de na cláir seo a mhaoiniú ón gCiste Náisiúnta Oiliúna i rith 2017.

Tugadh meastachán forlíontach de €3 mhilliún agus maoiníodh an róchaitheamh eile de €7 milliún le coigiltis ar na fo-mhírchinn eile.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €988,655,299 0.7% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***C.5 Coláistí oiliúna do bhunmhúinteoirí – gan iad siúd a mhaoinítear tríd an Údarás um Ardoideachas san áireamh***

An suim a soláthraíodh sa mheastachán: €6.3 milliún, toradh: €5.8 milliún

Ba de thoradh ar straitéisí áirithe a bheith curtha i bhfeidhm níos moille ná mar a bhíothas ag dúil leis chomh maith le réimse mionchoigilteas eile a bhí coigilteas de €0.5 milliún sa chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €5,751,531 8% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***C.9 Deontas d'institiúidí áirithe tríú leibhéal***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €7.8 milliún, toradh: €7.4 milliún

Ba de thoradh ar éileamh níos lú ná mar a bhíothas ag dúil leis ó institiúidí i ndáil le Scéim na dtáillí Saor in Aisce a bhí coigiltis de €0.4 milliún sa chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €7.4 milliún 5.34% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***C.10 Aoisliúntas etc. atá iníoctha le hiar-bhaill foirne ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €92 milliún, toradh: €103 milliún

Ba de thoradh ar 123 dhuine ar scoir a bheith ag fáil pinsean agus cnapshuimeanna, chomh maith le meánchostais aisce níos airde ná mar a bhí cionroinnte sa mheastachán bunaidh a bhí caiteachas breise de €11milliún i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán bunaidh. Cuireadh meastachán forlíonadh breise de €10 milliún ar fáil.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €102,639,322 0.6% níos mó ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***C.11 Tacaíocht do mhic léinn agus costais bhainteacha***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €418 milliún, toradh: €405 milliún

Ba de thoradh ar laghdú bliain ar bhliain ar líon na mac léinn a fhaigheann deontas na mac léinn go bunúsach a bhí an coigilteas de €13 mhilliún sa chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán bunaidh. Is é an fhás eacnamaíoch méadaithe go príomha a bhí cúis leis an laghdú ar líon na ndeontas atá iníoctha.

- Laghdú 1,758 ar líon na sealbhóirí deontais, i gcomparáid leis an mbliain acadúil roimhe;
- Laghdú 1,119 ar líon na mac léinn a cháiligh don ráta deontais 100% i gcomparáid leis an mbliain acadúil roimhe;
- Laghdú 1,206 ar líon na mac léinn a cháiligh don deontas 100% táillí amháin i 2016/17 i gcomparáid leis an mbliain acadúil roimhe.

Feidhmíodh forlíonadh laghdaitheach de €8 milliún don bhfo-mhírcheann.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €404,614,296 1.3% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

### *C.13 Gníomhaíochtaí AE, idirnáisiúnta agus thuaidh theas*

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €6.8 milliún, toradh: €5.6 mhilliún

Tháinig an coigilteas de €1.2 mhilliún sa chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán bunaidh de thoradh:

- tharraingt anuas níos lú ná mar a bhíothas ag dúil leis ar mhaoiniú meaitseála don Chiste Scoláireachta George Mitchell;
- ranníocaíocht níos lú ná mar a bhíothas ag dúil leis do EOECNA mar gheall ar athruithe ar rátaí malairte eachtraí, agus
- costas níos lú ná mar a bhíothas ag dúil leis ar réimse tionscnamh eile ón bhfo-mhírcheann.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €5,620,795 17% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

### *C.14 Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Gormáin*

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €3.1 milliún, toradh: €2.8 milliún

ba de thoradh ar mhoilleanna ar thionscnaimh thógála a bhí coigiltis de €0.3 milliún sa chaiteachas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán bunaidh. D'fhág seo tearc-chaiteachas sna réimsí seo a leanas:

- coigiltis ar riarachán ó lá go lá agus ar chostais dhlíthiúla agus ghairmiúla;
- tearc-chaitheamh ar chostais shlándála a bhaineann le tionscnaimh thógála;
- cinneadh chun tionscnamh infreastruchtúir TF a chríochnú i 2018 in ionad 2017.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €2,770,890 10% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

## Clár D Seirbhísí Caipitil

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| D.1 | Riarachán – pá | | | 10,163 | 10,052 | 9,086 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | | 2,311 | 2,253 | 1,945 |
| D.3 | Trealamh tógála agus feisteas do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 515,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,000 | 519,000 | 555,520 | 554,976 |
| D.4 | Deontais tógála agus costais chaipitil ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus sain-institiúidí ardoideachais eile | | | 22,000 | 22,000 | 31,500 |
| D.5 | Costais chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha | | | 95,350 | 71,570 | 85,068 |
| | | | | **648,824** | **661,395** | **682,575** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, ba mhó an caiteachas maidir le Clár D de €16.6 milliún ná mar a bhí sa soláthar bunaidh.

Ba iad na príomh-éagsúlachtaí:

***D.3 Trealamh tógála agus feisteas do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €515 milliún, toradh: €555.5 mhilliún

Ba de thoradh orthu seo a leanas a bhí róchaitheamh de €40.5 milliún:

- riachtanais mhaoinithe de €34.8 mhilliún maidir le Deontais Mionoibreacha (€29 milliún) do bhunscoileanna agus maoiniú faoin Scéim Oibreacha Éigeandála i rith 2017 nach rabhthas ag dúil leo sa soláthar bunaidh
- maoiniú breise de €4.4 mhilliún le cóiríocht shealadach a ghlacadh ar cíos le riar ar riachtanais phráinneacha maidir le cóiríocht scoile
- €1.3 íocaíocht le Oifig na nOibreacha Poiblí.

Feidhmíodh forlíonadh de €4 mhilliún don fho-mhírhceann chun an chóiríocht bhreise a mhaoiniú.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €555,520,424 7% níos mó ná an chionroinnt deiridh agus maoiníodh é le coigiltis ar na fo-mhírchinn eile.

***D.5 Costais chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha***

Soláthar sa mheastachán: €95.4 milliún, toradh: €71.6 milliún

Ba de thoradh orthu seo a leanas a bhí an glannchaitheamh de €23.8 milliún i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán:

- Coigiltis €15 milliún ar chaiteachas a eascraíonn as moilleanna i seachadadh seirbhíse clár Bundle 5 na Scoileanna. Mar thoradh air seo bhí roinnt íocaíochtaí réamh-mheasta nach raibh dlite i 2017.
- Bhí moilleanna freisin maidir le cóiríocht shealadach a sholáthar agus síneadh buan i dtaca le scoil ar leith, rud a d'fhág eisíocaíochtaí laghdaithe de €5.5 milliún.
- Coigiltis bhreise de thimpeall ar €3.3 milliún a d'eascair ó chostais chaipitil eile de chuid an Státchiste a bhain le tionscadail CPP. Cuimsíonn siad seo: foirne deartha agus seirbhísí bainteacha eile; oibreacha cumasaithe; costais a bhaineann le scoileanna oibríochta.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €71,569,449 25% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Clár E Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Measta | Fíoraithe | Fíoraithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Ranníocaíochtaí aoisliúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 203,370 | | | |
| | | *Forlíontach* | (20,000) | 183,370 | 170,205 | 166,357 |
| E.2 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 35,025 | | | |
| | | *Forlíontach* | (17,000) | 18,025 | 23,173 | 40,388 |
| E.3 | Fáltais ó asbhaintí i ndáil le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí | | | 248,196 | 265,614 | 269,599 |
| E.4 | Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí | | | 3,561 | 4,271 | 4,426 |
| E.5 | Ilghnéitheach | | | 5,644 | 3,325 | 6,678 |
| | | | | **458,796** | **466,588** | **487,448** |

**Difríochtaí suntasacha**

San iomlán, ba lú de €29 milliún na Leithreasaí i gCabhair ná mar a bhí measta ar dtús.
Leagtar amach thíos na míniúcháin ar dhifríochtaí:

***E.1 Ranníocaíochtaí aoisliúntais***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €203 milliún, toradh: €170 milliún

Ba lú de €33 mhilliún na fáltais aoisliúntais ná mar a bhí sa mheastachán bunaidh de thoradh orthu seo a leanas:

- Íocadh ranníocaíochtaí de €22 mhilliún de chuid na Scéime Pinsin Singile (SPS) do Vóta 12, Aoisliúntais agus Liúntais Scoir. Níor chuir an meastachán bunaidh san áireamh gur tugadh isteach athruithe mar chuid den Scéim Pinsin Shingil - áit nach gcoinníonn an Roinn fáltais maidir le daoine úra a thagann isteach chuig an tseirbhís phoiblí.
- Rómheastachán ar líon na bhfáltas aoisliúntais (9 milliún).
- Ceannaíodh níos lú ranníocaíochtaí deonacha breise aonuaire ná mar a bhíothas ag dúil leis - rud a d'fhág luach €2 mhilliún níos lú fáltas ná mar a bhíothas ag dúil leis.

Feidhmíodh meastachán forlíontach laghdaithe de €30 milliún le míniú a thabhairt ar neamhchoinneáil ranníocaíochtaí SPS.

Bhí an toradh deiridh de €170,205,000 7.2% níos lú i gcomparáid leis an gcionroinnt deiridh iar-fhorlíontach agus maoiníodh é le coigiltis agus le barrachais ar na fo-mhírchinn eile.

***E.2 Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) agus fáltais ilghnéitheacha eile ón AE***

Soláthar sa mheastachán bunaidh: €35 milliún, toradh: €23 milliún

Léiríonn an t-easnamh €12 mhilliún ar thoradh na bhfáltas ón AE nach ndearnadh iarratas íocaíochta chuig an gCoimisiún i ndáil leis an gclár CSTE don Infhostaitheacht, Ionchúimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020.

Is faoi na Ballstáit aonaracha atá tráthúlacht éileamh na bhfáltas CSTE a fhad agus go gcomhlíontar na bunriachtanais íosmhéide maidir le tarraingt anuas faoi rialacháin CSTE agus mar gheall air sin, is doiligh líon na bhfáltas a gheobhaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna gach bliain a thuar.

Ba lú de €1 mhilliún na Cistí Eorpacha um Choigeartú don Domhandú ná mar a bhíothas ag dúil leis mar gur cuireadh fáltais de €1.2 milliún a bhí dlite don Roinn san áireamh i leithreasaí i gcabhair 2016.

Ba mhó de €1.1 milliún, áfach, fáltais ón AE maidir leis gClár Oibríochta infheistíochta i gCaipiteal Daonna (HCIOP) ná mar a bhíothas ag dúil leis.

Tugadh meastachán laghdaitheach forlíontach de €17 milliún:

- €12 mhilliún i ndáil le íocaíocht PEIL a bheith ar iarraidh agus
- Glacadh meastachán laghdaitheach forlíontach de €5 mhilliún ar eagla nach ndéanfadh an tAE íocaíocht maidir leis an HCIOP roimh dheireadh 2017 (€12 mhilliún an tsuim a bhí measta ar dtús). Mar a tharla sé, íocadh ciste AE de €13 mhilliún ar an 29 Nollaig 2017.

Bhí an toradh deirigh €23 mhilliún 28.5% níos mó i gcomparáid leis an gcionroinnt deiridh iar-fhorlíontach.

***E.3 Fáltais ó asbhaintí i ndáil le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí***

Soláthar sa mheastachán: €248 milliún, toradh: €266 milliún

Ba de thoradh ar iarmhairt luath-íocaíocht de €1,000 an duine faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington ar 31 Lúnasa 2017 in ionad 31 Lúnasa 2017 a bhí an méadú de €18 milliún san fháltas i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán - tá baint dhíreach ag suim na n-asbhaintí a bhaineann le pinsean le costas na bpárollaí.

Bhí an toradh deiridh de €265,613,812 7% níos mó i gcomparáid leis an gcionroinnt deiridh.

***E.4 Daoine ar iasacht/ró-íocaíochtaí***

An suim a soláthraíodh sa mheastachán €3.6 milliún, toradh: €4.3 milliún

Ba de thoradh ar €655,000 d'fháltais bhreise ó dhaoine ar iasacht ná mar a bhíothas ag dúil leis a bhí an méadú de €0.7 milliún sna fáltais i gcoibhéis leis an soláthar sa mheastachán. Ba mhó de €55,000 aisghabháil ró-íocaíochtaí ná mar a bhíothas ag dúil leis.

Is doiligh leibhéal na bhfáltas seo a thuar go beacht ar an ábhar go bhféadann aisghabhálacha a bhaineann le daoine ar iasacht a bheith ag titim thar bhlianta airgeadais agus is féidir gur ar bhonn aonuaire nó ar bhonn céimneach a tharlaíonn aisghabháil na ró-íocaíochtaí.

Bhí an toradh deiridh de €4.3 milliún 9% níos mó i gcomparáid leis an gcionroinnt deiridh.

***E.5 Ilghnéitheach***

Soláthar sa mheastachán: €5.6 milliún, toradh: €3.3 milliún

Baineann an t-easnamh ar fháltais ilghnéitheacha leo seo a leanas:

- €1.5 milliún níos lú ná mar a bhíothas ag dréim leis ó mhaoiniú údarás áitiúil i ndáil le hacmhainneacht bhreise i gconláistí scoile agus i socruithe bannaí.
- €0.8 milliún níos lú ó fháltais eile - amhail aisíocaíochtaí Leasa Shóisialaigh le haghaidh saoire mháithreachais, costais mhíchumais agus atharthachta a bhíonn in-aisghabhála, fáltais ó chuntais dhíomhaoine agus fáltais ilghnéitheacha eile.

Bhí an t-olltoradh deiridh de €3.3 milliún 41% níos ísle ná an chionroinnt deiridh iar-fhorlíontach agus maoiníodh seo le coigiltis agus barrachais ar na fo-mhírchinn eile.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | — | — |
| Aisghabháil maoiniú neamhchaite a eisíocadh i mblianta roimhe seo don Údarás um Ardoideachas/ Comhairle Thaighde in Éirinn | 2,590 | 1,347 |
| Fáltais ó shócmhainní a dhíol SOLAS | — | 20 |
| Fáltais ó airgead coinsiasa | 1 | 34 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (2,591) | (1,401) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | — | — |

I rith 2017, tháinig €2,589,625 d'fháltais bhreise Státchiste a géilleadh don Státchiste chun cinn ó aisghabháil cistí ón Údarás um Ardoideachas i ndáil le deontais a rinne an Comhairle Thaighde in Éirinn sna blianta roimhe sin a d'fhan neamhchaite, agus a cuireadh ar ais.

## Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

Is leis an Roinn agus lena cuid foras Stáit gaolmhar a bhaineann an fhaisnéis seo a leanas ó thaobh líon agus pá na bhfostaithe.

### 5.1 Líon fostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Líon na mball foirne ag deireadh na bliana (coibhéiseacha lánaimseartha) | **106,062** | **101,728** |

Ní áirítear leis an líon ball foirne a thuairiscítear ach na poist chroíláir a mhaoinítear ar an tríú leibhéal, mar ní áirítear ach na poist seo i gcomhaireamh foriomlán na mball foirne san earnáil phoiblí.

### 5.2 Líon ball foirne agus páchostais ghaolmhara a eisíocadh ó Vóta 26

| **Catagóir na mball foirne dar tugadh luach saothair** | **An fo-mhírcheann ónar eisíocadh na cistí** | | **Líon fostaithe sa tSeirbhís phoiblí ar an 31 Nollaig 2017** | **Páthoradh ar an 31 Nollaig 2017** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **€000** | **€000** |
| **An chéad leibhéal** | A.3 | Bunmhúinteoirí | 36,904 | 2,288,684 |
| | A.6.1 | Cúntóirí riachtanas speisialta | 11,213 | 384,642 |
| | A.7.1 | Foireann neamhtheagaisc | 254 | 10,356 |
| **An dara leibhéal** | A.4 | Múinteoirí meánscoile | 19,312 | 1,183,387 |
| | A.5 | Múinteoirí EB | 12,404 | 640,978 |
| | A.6 (2-3) | Cúntóirí riachtanas speisialta | 2,819 | 91,427 |
| | A.7 (2-4) | Foireann neamhtheagaisc | 2,129 | 92,241 |
| **Fo-iomlán an chéad agus an dara leibhéal** | | | **85,035** | **4,691,715** |
| **An tríú leibhéal** | C.3 | An tÚdarás um Ard-Oideachas | 60 | 3,911 |
| | C.4 | Ollscoileanna/institiúidí teicneolaíochta/RIA/coláistí oiliúna | 17,904 | 707,177 |
| | C.6 | Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath | 122 | 9,479 |
| | C.7 | Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (DIAS) | 52 | 3,837 |
| | C.11 | Riarachán i ndáil le deontais do mhic léinn | 68 | 3,417 |
| | C.14 | Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin | 16 | 1,678 |
| **An tríú leibhéal – fo-iomlán** | | | **18,222** | **729,499** |

| Catagóir na mball foirne dar tugadh luach saothair | An fo-mhírcheann ónar eisíocadh na cistí | | Líon fostaithe sa tSeirbhís phoiblí ar an 31 Nollaig 2017 | Páthoradh ar an 31 Nollaig 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 |
| **Foireann na Roinne** | (i) | Riarachán | 1,073 | 59,517 |
| | (viii) | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | 210 | 15,806 |
| **Fo-iomlán na roinne** | | | **1,283** | **75,323** |
| **Eile** | A.11.1 | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) | 40 | 3,122 |
| | A.11.4 | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 152 | 10,492 |
| | A.11.5 | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 100 | 6,354 |
| | A.11.7 | An tAonad Taighde ar Oideachas | 28 | 1,247 |
| | A.13.1 | Bord Sásamh | 5 | 509 |
| | A.13.2 | Coimisiún ar Dhrochúsáid Leanaí | 2 | 306 |
| | A.14 | An Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas | 10 | 718 |
| | B.3.1 | Riarachán SOLAS | 179 | 10,705 |
| | B.6 | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) | 70 | 1,955 |
| | B.5 | Breisoideachas – SOLAS (Boird Oideachais agus Oiliúna) | 840 | 97,707 |
